



BOO Chiarraí

Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Nochtadh Cosanta

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 & an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014. Tugann BOO Chiarraí aitheantas don Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023 agus lena ndéantar an t-acht bunaidh a uasdátú.

Cuireann an tAcht creat ar fáil inar féidir le hoibrithe a n-ímní a chur in iúl maidir le míghníomh ionchasach atá feicthe acu san ionad oibre agus fios acu gur féidir leo feidhm a bhaint as cosaintí suntasacha agus eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó más rud é gurb é/í an fostaí a bheidh thíos leis faoi sin a dhéanamh.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí agus, nuair a chuirtear é sin i gcomhar leis an reachtaíocht, spreagfaidh sin oibrithe chun míghníomh ionchasach a thuairisciú agus fios acu go nglacfar go dáiríre lena n-ábhair ímní, go ndéanfar sin a fhiosrú, nuair is cuí, agus go léireofar meas ar a rúndacht.

Tugtar ar aird sa pholasaí go bhfuil sé cuí i gcónaí ímní a thabhairt chun solais nuair atá sin bunaithe ar thuairim réasúnach beag beann a n-aithnítear ina dhiaidh sin go raibh éagóir á dhéanamh. Tugtar treoir do na hoibrithe sa pholasaí freisin maidir le modhanna le hábhar ímní a chur in iúl

Baineann an polasaí seo le gach oibrí de chuid BOO Chiarraí lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, iar-fhostaithe agus intéirigh/daoine faoi oiliúint.

I gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ceaptha ag BOO Chiarraí chun glacadh le nochtáí cosanta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ar an teileafón trí ghlaoch a chur ar an uimhir 066-7193900, trí ríomhphost a sheoladh chuig corporateaffairs@kerryetb.ie nó tríd an bpost ag an seoladh *An tOifigeach um Nochtadh Cosanta, BOO Chiarraí, Centrepoin, Bóthar John Joe Mhic Shíthigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. V92 P2FE.*

BOO Chiarraí

Tuarascáil Bhliantúil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain 2023

(a)	An líon tuarascálacha a rinneadh chuig an gcomhlacht poiblí, chuig an duine ordaithe nó chuig an gCoimisinéir;	0
(b)	I gcás an Choimisinéara, an líon tuarascálacha a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir faoi alt 8 den Acht;	0
(c)	I gcás an Choimisinéara, an líon tuarascálacha a chuir an Coimisinéir ar aghaidh faoi alt 10C(1)(b) nó 10D(1)(b)(ii) chuig duine oiriúnach eile (de réir bhrí alt 10C nó 10D, de réir mar a bheidh);	0
(d)	An líon tuarascálacha a cuireadh ar aghaidh chuig an gcomhlacht poiblí, chuig an duine ordaithe nó chuig an gCoimisinéir, de réir mar a bheidh, faoi alt 7, 10B, 10C agus 10D;	0
(e)	Cibé an sárú a bhí san éagóir ábhartha lena mbaineann nó nach raibh i ndáil le gach tuarascáil dá dtagraítear i míreanna (a) go (d);	N/A
(f)	An líon imscrúduithe agus imeachtaí a d'oscail an comhlacht poiblí, an duine ordaithe nó an Coimisinéir maidir leis na héagóracha ábhartha lena mbaineann mar thoradh ar na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna (a) go (d);	0
(g)	An líon imscrúduithe agus imeachtaí a d'oscail an comhlacht poiblí, an duine ordaithe nó an Coimisinéir sna blianta roimh an mbliain ina bhfuil an tuarascáil á déanamh ina leith maidir leis na héagóracha ábhartha lena mbaineann atá fós oscailte;	0
(h)	An líon imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an comhlacht poiblí, an duine ordaithe nó an Coimisinéir maidir leis na héagóracha ábhartha lena mbaineann mar thoradh ar na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna (a) go (d);	0
(i)	Toradh an imscrúdaithe nó imeachtaí agus an cinneadh a rinne an comhlacht poiblí, an duine ordaithe nó an Coimisinéir i ndáil le gach imscrúdú nó imeacht a dúnadh dá dtagraítear i mír (h);	N/A
(j)	An damáiste airgeadais measta agus na suimeanna a fuarthas ar ais i ndiaidh aon imscrúdaithe agus imeachtaí dá dtagraítear i mír (h) nuair is cuí agus sa mhéid gur féidir a fháil amach;	N/A
(k)	Cibé faisnéis eile maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na gcomhlachtaí poiblí, na gcomhlachtaí ordaithe nó an Choimisinéara de réir mar a bheidh faoin Acht seo agus mar a iarrfaidh an tAire.	N/A

Tugtar eolas i *bPolasaí BOO Chiarraí maidir le ceapadh Nochtaí Cosanta* faoi chainéil agus nósanna imeachta inmheánacha tuairiscithe agus cainéil agus nósanna imeachta seachtracha tuairiscithe chun nochtaí cosanta a dhéanamh.